Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10871 – E.ON / FSI / WESTENERGIE BREITBAND)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 320/23)

1. An 17 Lúnasa 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— E.ON SE ("E.ON", an Ghearmáin),

— First Sentier Investors Holdings Pty Ltd ("FSI", an Astráil), atá faoi rialú Mitsubishi UFL Financial Group, Inc, ("MUFG", an tSeapáin) faoi láthair,

— Westenergie Breitband GmbH ("Westenergie Breitband", an Ghearmáin), atá faoi rialú E.ON faoi láthair.

Gheobhaidh E.ON agus MUFG rialú comhpháirteach ar Westenergie Breitband de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Cuideachta fuinnimh agus fóntais idirnáisiúnta is ea E.ON,

— Is cuid é FSI den ghrúpa domhanda bainistíochta sócmhainní First Sentier Investors Group, atá faoi rialú deiridh MUFG, grúpa domhanda bainistíochta sócmhainní agus soláthraí seirbhísí baincéireachta,

— Tógann agus oibríonn Westenergie Breitband líonraí leathanbhanda snáthoptaice gloine sa Ghearmáin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10871 – E.ON / FSI / WESTENERGIE BREITBAND

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË